**Treoracha:**

- **Roghanna [i gcló rómhánach idir lúibíní cearnacha] atá le fágáil nó atá le scriosadh mar is iomchuí ag an eintiteas a shíneoidh an dearbhú;**
- **Tuairimí [*i gcló rómhánach liath idir lúibíní cearnacha*] atá le fágáil agus/nó atá le hathrú mar is iomchuí ag an eintiteas a shíneoidh an dearbhú;**

# Dearbhú ar bhriathar

# Tag: Iarratas ar an nGradam don Chathair is Inrochtana 2025

An sínitheoir thíos [*cuir isteach ainm an duine a shíneoidh an fhoirm seo*], ag déanamh ionadaíocht a:

| |
|---|
| (*i gcás daoine dlítheanacha agus eintiteas gan pearsantacht dhlítheanach*) don eintiteas seo a leanas: |
| Ainm oifigiúil iomlán:<br>Foirm dhlíthiúil oifigiúil:<br>Uimhir chlárúcháin reachtúil**:**<br>Seoladh oifigiúil iomlán:<br><br>Uimhir chlárúcháin CBL:<br>dearbhaíonn ('an duine') |

[dár tugadh údarú chun an dearbhú seo a shíniú thar ceann na ndaoine eile seo a leanas[1]: *[cuir isteach ainmneacha na n-eintiteas eile a bhfuil an dearbhú á shíniú thar a gceann*]]

| |
|---|
| (1) go bhfuil [an] [gach] duine incháilithe i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i nós imeachta na duaise ar leith; |

**I – STAIDEANNA EISIAIMH A BHAINEANN LEIS AN DUINE**

| | |
|---|---|
| (2) | **nach** bhfuil [an] [gach] duine i gceann de na staideanna seo a leanas. ***Má tá, cuir an staid atá i gceist in iúl san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú seo agus ainm (ainmneacha) an duine lena mbaineann mar aon le míniú gairid.*** |
| a) | tá sé nó sí bancbhriste, faoi réir nósanna imeachta maidir le dócmhainneacht nó foirceannadh, tá a s(h)ócmhainní á riar ag leachtaitheoir nó ag cúirt, tá sé nó sí i socraíocht le creidiúnaithe, tá a g(h)níomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí nó tá sé nó sí in aon staid analógach a thagann as nós imeachta comhchosúil dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta; |
| b) | cinneadh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go bhfuil a (h)oibleagáidí maidir le cánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc i gcomhréir leis an dlí is infheidhme á sárú aige nó aici; |

[1] Féach freisin an glao ar thograí ar eagla go bhfuil roghanna sonracha sannta maidir leis an dearbhú a shíniú

| | |
|---|---|
| c) | cinneadh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go bhfuil sé nó sí ciontach as mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin infheidhme nó caighdeáin eiticiúla na gairme lena mbaineann an duine a shárú, nó trí bheith i mbun aon iompar éagórach a bhfuil tionchar aige ar a c(h)reidiúnacht ghairmiúil i gcás ina léirítear le hiompar dá leithéid rún éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann díobh seo a leanas:<br>(i) míléiriú a thabhairt go calaoiseach nó go faillíoch ar fhaisnéis is gá lena dheimhniú nach bhfuil forais eisiaimh ann nó chun critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a chomhlíonadh nó chun conradh, comhaontú nó cinneadh deontais a chomhlíonadh;<br>(ii) comhaontú a dhéanamh le daoine eile chun iomaíocht a shaobhadh;<br>(iii) cearta maoine intleachtúla a shárú;<br>(iv) iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin/ na Gníomhaireachta le linn an nós imeachta dámhachtana;<br>(v) iarracht a dhéanamh faisnéis rúnda a fháil a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta dámhachtana; |
| d) | cinneadh le breithiúnas críochnaitheach go bhfuil sé ciontach as ceann ar bith díobh seo a leanas: |
| | (i) calaois, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 agus Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, arna dhréachtú leis an nGníomh ón gComhairle an 26 Iúil 1995;; |
| | (ii) éilliú, arna shainiú in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371 nó éilliú gníomhach de réir bhrí Airteagal 3 den Choinbhinsiún maidir leis an troid in aghaidh an éillithe lena bhfuil baint ag oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, arna dhréachtú leis an nGníomh ón gComhairle an 26 Bealtaine 1997, nó iompar dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle, nó éilliú mar a shainmhínítear i ndlíthe eile is infheidhme; |
| | (iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle; |
| | (iv) sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí laistigh de réir bhrí Airteagal 1(3), (4) agus (5) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; |
| | (v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, arna sainiú in Airteagal 1 agus Airteagal 3 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle, faoi seach, nó na cionta sin a spreagadh, cuidiú leo, iad a neartú nó iarracht a dhéanamh na cionta sin a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chinneadh sin; |
| | (vi) saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; |
| e) | léirigh sé nó sí easnaimh shuntasacha maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhlíonadh conartha, comhaontaithe nó cinnidh deontais arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais, rud a raibh luath-fhoirceannadh nó cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionós conarthach eile mar thoradh air, nó a aimsíodh i ndiaidh seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe a rinne Oifigeach Údarúcháin, OLAF nó an Chúirt Iniúchóirí; |
| f) | cinneadh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go bhfuil neamhrialtacht déanta aige nó aici de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle; |

| | |
|---|---|
| g) | cinneadh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an duine eintiteas faoi dhlínse dhifriúil agus é mar rún aige nó aici dul timpeall ar aon oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó ar aon oibleagáidí dlíthiúla eile maidir le cur i bhfeidhm éigeantach a (h)oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó p(h)ríomhionaid gnó sa dlínse; |
| h) | (*maidir le daoine dlítheanacha agus eintitis dhlítheanacha gan pearsantacht dhlítheanach amháin*) cinneadh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh an duine leis an rún dá bhforáiltear i bpointe (g); |
| i) | maidir leis na staideanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) thuas tá an duine faoi réir:<br>i. fíricí a bunaíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe arna ndéanamh ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i ndiaidh a bunaithe, ag an gCúirt Iniúchóirí, ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise nó ag iniúchóir inmheánach, nó i gcomhthéacs aon seiceáil, iniúchadh nó rialú eile a rinneadh faoi fhreagracht an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, oifigeach údarúcháin institiúid AE, oifige Eorpaí nó ghníomhaireacht nó chomhlacht AE;<br>ii. breithiúnais neamhchríochnaitheacha nó cinntí riaracháin neamhchríochnaitheacha lena bhféadfaidh a bheith i gceist leo bearta araíonachta arna nglacadh ag an gcomhlacht inniúil maoirseachta atá freagrach as cur i bhfeidhm na gcaighdeán eitice gairmiúla a fhíorú;<br>iii. fíricí dá dtagraítear i gcinntí na n-eintiteas nó na ndaoine a gcuirtear cúraimí cur chun feidhme bhuiséad AE ar a n-iontaoibh;<br>iv. faisnéis arna tarchur ag na Ballstáit a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme;<br>v. cinntí ón gCoimisiún i dtaca le sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais nó ó údaráis inniúil náisiúnta i dtaca le sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais nó ar an dlí iomaíochta náisiúnta; nó<br>vi. cinntí maidir le heisiamh arna ndéanamh ag oifigeach údarúcháin de chuid institiúid AE, de chuid oifige Eorpaí nó de chuid ghníomhaireachta nó chomhlachta AE. |

II – **STAIDEANNA EISIAIMH A BHAINEANN LE DUINE NÁDÚRTHA ATÁ BUNRIACHTANACH DON DÁMHACHTAIN** [2]

| |
|---|
| (5) **<u>nach</u>** bhfuil duine nádúrtha atá bunriachtanach don ghradam i gceann ar bith de staideanna seo a leanas ***<u>Má tá, cuir an staid atá i gceist in iúl san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú seo agus ainm (aimneacha) an duine/na ndaoine lena mbaineann mar aon le míniú gairid</u>***: |
| Staid (c) thuas (iompar gairmiúil tromchúiseach) |
| Staid (d) thuas (calaois, éilliú nó cion coiriúil eile) |
| Staid (e) thuas (easnaimh shuntasacha i gcomhlíonadh conartha) |
| Staid (f) thuas (neamhrialtacht) |
| Staid (g) thuas (eintiteas a chruthú a bhfuil sé ar beartaithe aige nó aici dul timpeall ar oibleagáidí dlíthiúla) |

[2] I gcás go sainítear san iarratas ar dheontas go bhfuil an duine nádúrtha bunriachtanach don ghradam nó chun an gealltanas dlíthiúil a chur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 136(4)(c) Rialachán Airgeadais (e.g. príomh-imscrúdaitheoir i dtionscadal taighde)

| |
|---|
| Staid (i) thuas |

**III – STAIDEANNA EISIAIMH A BHAINEANN LE DAOINE NÁDÚRTHA NÓ DLÍTHEANACHA A GHLACANN DLITEANAS NEAMHTHEORANTA I LEITH FHIACHA AN DUINE**

***Ní bhaineann an roinn seo ach le dearbhuithe ina gcuimsítear duine dá nglacann duine nádúrtha nó dlítheanach dliteanas neamhtheoranta i leith fiach***

| |
|---|
| (6) **nach** bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an duine/na ndaoine thuasluaite i gceann de na staideanna seo a leanas. ***Má tá, cuir an staid atá i gceist in iúl san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú seo agus ainm (ainmneacha) an duine lena mbaineann mar aon le míniú gairid.*** |
| - staid (a) thuas (féimheacht) |
| - staid (b) thuas (sárú ar chánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc) |

**IV – FORAIS LE DIÚLTÚ DON NÓS IMEACHTA SEO**

| |
|---|
| (8) maidir [le] agus [gach] duine: |
| **nach** raibh baint aige nó aici roimhe seo le hullmhú na ndoiciméad a úsáideadh sa nós imeachta dámhachtana seo, i gcás gur bhain sé sin le sárú ar phrionsabal na córa comhionainne lena n-áirítear saobhadh iomaíochta nach féidir a leigheas ar shlí eile. ***Má bhí, cuir é sin in iúl san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú seo agus ainm (ainmneacha) an duine lena mbaineann mar aon le míniú gairid.*** |

**V – BEARTA LEIGHIS**

Má dhearbhaíonn an duine/na daoine ceann de na staideanna eisiaimh atá liostaithe thuas, ní mór dó/di/dóibh bearta atá déanta aige/aici/acu chun an staid eisiaimh a leigheas a chur in iúl, agus ar an tslí sin a iontaofacht/hiontaofacht/n-iontaofacht a léiriú. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin e.g. bearta teicniúla, eagraíochtúla agus pearsanra chun tarlú eile, cúiteamh as damáiste nó íocaíocht fíneálacha nó aon chánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a chosc. Ní mór an fhianaise dhoiciméadach ábhartha ina léirítear na bearta leighis a rinneadh a sholáthar san iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú seo. Ní bhaineann sé sin le staideanna dá dtagraítear i bpointe (d) den dearbhú seo.

**VI – FIANAISE ARNA IARRAIDH SIN**

Féadfaidh an Coimisiún/an Ghníomhaireacht a iarraidh ar aon duine atá faoi réir an dearbhaithe seo faisnéis agus an fhianaise is infheidhme a sholáthar maidir le haon duine nádúrtha nó dlítheanach ar comhalta é nó í de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta nó a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnidh nó rialaithe aige nó aici, lena n-áirítear daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha laistigh den struchtúr úinéireachta agus rialaithe agus úinéirí tairbhiúla, chomh maith le daoine nádúrtha atá bunriachtanach don ghradam nó do chur chun feidhme na gníomhaíochta nó an chláir oibre atá faoi réir an iarratais ar dheontas.

Féadfaidh an Coimisiún/an Ghníomhaireacht a iarraidh ar aon duine atá faoi réir an dearbhaithe seo an fhianaise is infheidhme a sholáthar a bhaineann leis an duine féin

agus leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an duine.

Féadfar fianaise a iarraidh mar seo a leanas:

Maidir leis na staideanna a gcuirtear síos orthu in (a), (c), (d), (f), (g) agus (h) ní mór sliocht le déanaí ón taifead breithiúnach a sholáthar nó, dá uireasa sin, doiciméad coibhéiseach arna eisiúint le déanaí ag údarás breithiúnach nó údarás riaracháin i dtír bhunaíochta an eintitis ina dtaispeántar go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh.

Maidir leis an staid a gcuirtear síos air i bpointe (b), ní mór deimhnithe le déanaí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla an Stáit lena mbaineann a sholáthar. Ní mór fianaise a sholáthar sna doiciméid sin ina gcuimseofar gach cáin agus ranníocaíocht slándála sóisialta dá bhfuil an t-eintiteas faoi dhliteanas, lena n-áirítear mar shampla, CBL, cáin ioncaim (daoine nádúrtha amháin), cáin chuideachta (daoine dlítheanacha amháin) agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta. I gcás nach eisítear aon doiciméad a gcuirtear síos orthu thuas sa tír lena mbaineann, féadfar ráiteas faoi mhionn arna dhéanamh os comhair údarás bhreithiúnach nó nótaire nó, dá uireasa sin, ráiteas sollúnta arna dhéanamh os comhair údarás riaracháin nó comhlacht gairmiúil cáilithe ina thír bhunaíochta a sholáthar ina ionad sin.

Má tá fianaise dá leithéid curtha isteach ag duine cheana féin chun críche nós imeachta dámhachtana eile de chuid an Choimisiúin, ní foláir nó gur eisíodh na doiciméid tráth nach déanaí ná bliain roimh an dáta ar iarradh iad agus ní mór dóibh a bheith bailí fós ar an dáta sin.

Má roghnaítear iad chun duais a bhronnadh orthu, glacann an duine atá faoi réir an dearbhaithe seo leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha síos i Rialacha an Chomórtais

**Ní mór don duine thuasluaite aon athruithe ar na staideanna mar a dhearbhaítear iad a chur in iúl don Choimisiún láithreach.**

**Féadfar an duine atá faoi réir an dearbhaithe seo a dhiúltú ón nós imeachta seo agus smachtbhannaí riaracháin (eisiamh) a fhorchur air nó uirthi má chruthaítear go bhfuil aon cheann de na dearbhuithe nó an fhaisnéis a cuireadh ar fáil mar choinníoll chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta seo bréagach.**

Ainm iomlán　　Dáta　　Síniú